2024/1821

27.6.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/1821 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Meitheamh 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cáiséanáit bhainne iarainn a chuirtear le bianna agus a úsáidtear i monarú forbhianna

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(5) di,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bianna ([2]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 bunaítear liosta na substaintí vitimíní agus mianraí is féidir a chur le bianna agus na foirmeacha díobh inar féidir iad a chur le bianna.

(2) In Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2002/46/CE bunaítear liosta na substaintí vitimíní agus mianraí is féidir a úsáid chun forbhianna a mhonarú agus na foirmeacha díobh inar féidir iad a chur le forbhianna.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/949 ón gCoimisiún ([3]) údaraítear cáiséanáit bhainne iarainn mar bhia núíosach i mbianna áirithe agus forbhianna, i measc táirgí eile, faoi réir coinníollacha sonracha.

(4) An 4 Lúnasa 2022, le linn an phróisis údaraithe, d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch ([4]) inar tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil cáiséanáit bhainne iarainn sábháilte faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe agus gur foinse í ina bhfuil iarann bith-infhaighte.

(5) Ar bhonn na tuairime eolaíche sin áiríodh cáiséanáit bhainne iarainn ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([5]).

(6) Measann an Coimisiún gur leor an foras atá sa tuairim ón Údarás chun a shuí maidir le húsáid cáiséanáite bainne iarainn mar a údaraítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/949, nuair a úsáidtear í i mbianna agus i bhforbhianna mar a shonraítear ann, agus gan úsáid le haghaidh naíonáin agus leanaí óga a chur san áireamh, nach ábhar imní sábháilteachta í mar fhoinse iarainn.

(7) Ar bhonn na tuairime fabhraí ón Údarás agus ar bhonn an údaraithe mar bhia núíosach mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/949, ba cheart cáiséanáit bhainne iarainn a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/46/CE agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 mar fhoirm iarainn.

([1]) IO L 183, 12.7.2002, lch. 51.
([2]) IO L 404, 30.12.2006, lch. 26.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/949 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2023 lena n-údaraítear cáiséanáit bhainne iarainn a chur ar an margadh mar bhia núíosach agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 128,15.5.2023, lch. 60).
([4]) Painéal NDA EFSA (Painéal EFSA ar Tháirgí Diaitéiteacha, Cothú agus Ailléirgí). Safety of iron milk proteinate as a novel food pursuant to Regulation (EU) 2015/2283 and bioavailability of iron from this source in the context of Directive 2002/46/EC [Sábháilteacht próitéanáite bainne iarainn mar bhia núíosach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283 agus bith-infhaighteacht iarainn ón bhfoinse sin i gcomhthéacs Threoir 2002/46/CE], (*EFSA Journal* [Iris EFSA], 2022;20(9):7549).
([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

(8) Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe agus Plandaí agus cuireadh na barúlacha uaidh san áireamh.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/46/CE agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo I gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/46/CE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

(1) I bpointe 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir an iontráil a bhaineann le 'iarann eiliminteach' agus an iontráil a bhaineann le 'carbónáit choprach (carbóinil + leictrealaíoch + hidrigin-chaolaithe)':

'cáiséanáit bhainne iarainn' (*)

_____

(*) Mar a liostaítear i liosta an Aontais de bhianna núíosacha i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).'.

(2) I bPointe B d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/46/CE, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir an iontráil a bhaineann le 'sóidiam feireach EDTA' agus an iontráil a bhaineann le 'táráit iarainn (II)':

'cáiséanáit bhainne iarainn' (*)

_____

(*) Mar a liostaítear i liosta an Aontais de bhianna núíosacha i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.'.